**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Uniqa Asigurări SA

*Cosantóirí:* Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală de Soluționare a Contestațiilor, Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 56(1)(c) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léirmhíniú sa chaoi go socrófar éilimh ar sheirbhísí arna soláthar ag cuideachtaí tríú páirtí, in ainm agus thar ceann cuideachta árachais, nach dtagann faoi na "seirbhísí comhairleoirí, innealtóirí, oifigí dearaidh, dlíodóirí, cuntasóirí agus seirbhísí eile den chineál céanna, chomh maith le [de] phróiseáil sonraí agus [de] soláthar faisnéise" dá dtagraítear san fhoráil sin.

([1]) IO C 349, 30.08.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 1 Lúnasa 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg – Lucsamburg) – Stát Lucsamburg, Administration de l'enregistrement, des domaines et de la TVA v Navitours Sàrl**

**(Cás C-294/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Cáin bhreisluacha (CBL) – An Séú Treoir 77/388/CEE – Airteagal 2(1) – Raon feidhme – Idirbhearta inchánach – Airteagal 9(2)(b) – Áit seirbhísí iompair – Siúlóidí turasóireachta ar an Moselle – Abhainn faoi réir stádas condominium)***

(2022/C 408/21)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour de cassation de la Grand-Duché de Luxembourg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Stát Lucsamburg, Administration de l'enregistrement, des domaines et de la TVA

*Cosantóir:* Navitours Sàrl

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 2(1) agus Airteagal 9(2)(b) den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnachta, arna leasú le Treoir 91/680/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1991,

a léirmhíniú sa chaoi:

nach mór seirbhísí loingseoireachta turasóireachta arna ndéanamh ag soláthraí seirbhíse atá bunaithe i mBallstát, laistigh de chríoch arb é atá ann, de bhua conradh idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir é agus Ballstát eile, críoch chomhchoiteann atá faoi cheannasacht an dá Bhallstát sin agus nach bhfuil faoina réir aon mhaolú dá bhforáiltear le dlí an Aontais, a bheith cáinteach ag an mBallstát sin, a mhéid nár ghearr an Ballstát eile cáin ar na seirbhíse sin cheana féin. Cuireann cánachas ceann de na Ballstáit ar an tseirbhís sin cosc ar an mBallstát eile iad a fhorchur freisin, gan dochar don fhéidearthacht atá ag an dá Bhallstát sin cánachas na seirbhísí a sholáthraítear laistigh den chríoch sin a rialáil, go háirithe trí chomhaontú, ar choinníoll go seachnaítear neamhchánachas ar ioncam agus cánachas dúbailte.

([1]) IO C 191, 10.05.2022